# DEARBHÚ AIRGID THIRIM - BILEOG BHREISE

## Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1672

| Le haghaidh úsáid oifigiúil | | A. Uimhir na Bileoige Breise | |
|---|---|---|---|
| Uimhir thagartha | | | |

| **B. Sonraí** na bileoige breise (Ná cuir tic ach le rogha amháin. Más infheidhme níos mó roghanna, líon isteach bileoga breise ar leithligh le haghaidh gach rogha bhreise) | | |
|---|---|---|
| B.1 | 'Sonraí an airgid thirim' ar lean | → Líon isteach Roinn C le haghaidh faisnéis bhreise faoin airgead tirim. |
| B.2 | Is é an t-iompróir an t-úinéir <u>agus</u> an faighteoir beartaithe atá le cuid den airgead tirim a fháil | → Ná líon isteach ach Ranna C agus D le haghaidh méid an airgid thirim atá faoi úinéireacht an iompróra agus atá faighte ag an iompróir. |
| B.3 | Is faoi úinéireacht an iompróra atá cuid den airgead tirim | → Ná líon isteach ach Foranna C agus D le haghaidh méid an airgid thirim atá faoi úinéireacht an iompróra. |
| B.4 | Is é an t-iompróir an faighteoir beartaithe atá le cuid den airgead tirim a fháil | → Ná líon isteach ach Foroinn C agus Foroinn D.2 le haghaidh méid an airgid thirim a fhaigheann an t-iompróir mar fhaighteoir. |
| B.5 | Úinéir arb é an faighteoir beartaithe é freisin a bhfuil cuid den airgead tirim faoina úinéireacht (seachas an t-iompróir) | → Líon isteach Foranna C agus D le haghaidh méid an airgid thirim atá faoi úinéireacht agus atá le fáil agus roinn E. |
| B.6 | Úinéir a bhfuil cuid den airgead tirim faoina úinéireacht (seachas an t-iompróir) | → Líon isteach Foranna C agus D le haghaidh méid an airgid thirim atá faoi úinéireacht agus roinn E. |
| B.7 | Faighteoir beartaithe atá le cuid den airgead tirim a fháil (seachas an t-iompróir) | → Ná líon isteach ach Foroinn C agus Foroinn D2 le haghaidh méid an airgid thirim faoi seach atá le fáil agus roinn E. |

**C. Sonraí an airgid thirim**

| Airgeadra (nótaí bainc agus monaí) | Luach | Airgeadra | Luach | Airgeadra |
|---|---|---|---|---|
| | 1) | | 3) | |
| | 2) | | 4) | |

| Ionstraimí soshannta iompróra | Cineál na hionstraime soshannta iompróra | Luach | Airgeadra |
|---|---|---|---|
| | | | |

| Tráchtearraí a úsáidtear mar stórtha luacha fíorleachtacha (i.e. ór) | Cineál | Cainníocht | Meáchan iomlán (ina ghraim) | Luach | Airgeadra |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |

**D. Foinse eacnamaíoch agus úsáid bheartaithe an airgid thirim** (is féidir níos mó ná rogha amháin a roghnú i bhForoinn D.1 agus i bhForoinn D.2)

**D.1. Foinse eacnamaíoch**

- Brabúis saothair (ioncam, scor, ioncam ó fhiontraíocht etc.)
- Gnóthachain chaipitiúla (díbhinní, brabúis infheistíochta, ús, árachas, etc.)
- Díol réadmhaoine
- Díol maoine inchorraithe
- Iasacht a dheonaigh duine nádúrtha
- Iasacht a dheonaigh eintiteas dlíthiúil (institiúid creidmheasa, banc nó cuideachta)
- Crannchur / cearrbhachas
- Bronntanas / tabhartas
- Oidhreacht
- Eile (sonraigh)________________________________________________

**D.2. Úsáid bheartaithe**

- Costais saothair (íocaíochtaí tuarastail, gnó infheistíochta, etc.)
- Infheistíocht chaipitiúil (taiscí i gcuntas bainc, íocaíochtaí árachais etc.)
- Cistí le haghaidh réadmhaoin a cheannach
- Cistí le haghaidh maoin inchorraithe a cheannach
- Aisíocaíocht ar iasacht a dheonaigh duine nádúrtha
- Aisíocaíocht ar iasacht a dheonaigh eintiteas dlíthiúil (institiúid creidmheasa, banc nó cuideachta)
- Crannchur / cearrbhachas
- Carthanacht
- Airgead tirim chuig an máistir loinge / airgead tirim bhoird
- Saoire / áineas
- Aistriú airgid thirim arna dhéanamh ag cúiréirí airgid gairmiúla (cuideachtaí malartaithe airgeadra)
- Aistriú airgid thirim arna dhéanamh ag cúiréirí airgid gairmiúla (eile)
- Eile (sonraigh)________________________________

*Má bhaineann le hábhar nó más ann dóibh. Murab infheidhme nó murab ann dóibh, sonraigh 'N/B'.

| E. Na daoine a bhfuil baint acu leis | | | |
|---|---|---|---|
| **E.1. Duine nádúrtha** | | **E.2. Duine dlítheanach** | |
| Céadainm nó Céadainmneacha | | Ainm | |
| Sloinne nó Sloinnte | | Uimhir Chlárúcháin | |
| Inscne | fireann baineann eile | Ainm an chláir | |
| Dáta breithe | LL MM BBBB | Tír chlárúcháin | |
| Áit bhreithe (tír/baile) | baile / tír | Uimhir aitheantais CBL* | |
| Doiciméad aitheantais | pas / Cárta aitheantais / eile(sonraigh) ________________ | Uimhir Chláraithe agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíochta (EORI) * | |
| Uimhir an doiciméid aitheantais | | Seoladh<br>Sráid* agus uimhir* | sráid / uimhir |
| Tír eisiúna | | Baile | |
| Dáta eisiúna | LL MM BBBB | Cód Poist* | |
| Náisiúntacht | | Tír | |
| Uimhir aitheantais phearsanta* | | Uimhir theileafóin* | |
| Seoladh<br>Sráid* agus uimhir* | sráid / uimhir | Seoladh ríomhphoist* | |
| Baile | | **F. Síniú** | |
| Cód Poist* | | **Deimhním gur dlúthchuid í an bhileog bhreise seo den dearbhú airgid thirim a bhfuil sí ceangailte di.** | |
| Tír | | **Síniú** | |
| Uimhir theileafóin* | | | |
| Seoladh ríomhphoist* | | **Ainm an tsínitheora:** | |
| | | Dáta | LL MM BBBB |
| | | Áit | baile / tír |

*Má bhaineann le hábhar nó más ann dóibh. Murab infheidhme nó murab ann dóibh, sonraigh 'N/B'.

## NÓTAÍ MAIDIR LE hÚSÁID NA FOIRME

**Faisnéis ghinearálta**

Tá feidhm ag na nótaí maidir le húsáid na foirme a bhaineann leis an bhfoirm dhearbhúcháin airgid thirim a úsáid anseo freisin.

**Roinn A: Uimhir na Bileoige Breise**

Ní mór bileoga breise a uimhriú le huimhreacha leantacha (i.e. 1 ar an gcéad bhileog bhreise a úsáidtear, 2 ar an dara ceann, etc.). Sonraigh an líon iomlán bileog breise a úsáidtear ar an dara leathanach d'fhoirm dhearbhúcháin airgid thirim.

**Roinn B: Sonraí na Bileoige Breise**

Luaigh an chúis atá leis an mbileog bhreise a líonadh isteach. Níor cheart tic a chur ach le rogha amháin. Más infheidhme níos mó roghanna, úsáid bileog bhreise ar leithligh le haghaidh gach rogha bhreise.

**B.1: 'Sonraí an airgid thirim' ar leanúint:** Ná roghnaigh an rogha seo ach i gcás nach bhfuil dóthain spáis le haghaidh an airgid thirim uile ar fáil i Roinn 4 'Sonraí an airgid thirim' ar an bhfoirm dearbhaithe. Líon isteach Roinn C agus déan neamhaird de Ranna D agus E.

**B.2: Is é an t-iompróir an t-úinéir agus an faighteoir beartaithe a bhfuil cuid den airgead tirim le fáil aige:** Roghnaigh i gcás inarb é an t-iompróir an t-úinéir agus an faighteoir beartaithe atá le cuid den airgead tirim a fháil. Le haghaidh gach úinéir agus faighteoir beartaithe eile, ní mór bileog bhreise ar leithligh a líonadh isteach.
Sonraigh i Roinn C méid an airgid thirim atá faoi úinéireacht agus méid an airgid thirim atá le fáil.
Sonraigh i bhForoinn D.1 agus i bhForoinn D.2 foinse eacnamaíoch agus úsáid bheartaithe an airgid thirim atá faoi úinéireacht an iompróra.

**B.3: Is faoi úinéireacht an iompróra atá cuid den airgead tirim:** Roghnaigh i gcás ina bhfuil cuid den airgead tirim faoi úinéireacht an iompróra freisin. Le haghaidh gach úinéir eile, ní mór bileog bhreise ar leithligh a líonadh isteach.
Sonraigh i bhForoinn C méid an airgid thirim atá faoi úinéireacht an iompróra.
Sonraigh i bhForoinn D.1 agus i bhForoinn D.2 foinse eacnamaíoch agus úsáid bheartaithe an airgid thirim atá faoi úinéireacht an iompróra.

**B.4: Is é an t-iompróir an faighteoir beartaithe a bhfuil cuid den airgead tirim le fáil aige:** Roghnaigh i gcás ina bhfuil cuid den airgead tirim faoi úinéireacht an aonfhaighteora bheartaithe freisin. Le haghaidh gach faighteoir beartaithe eile, ní mór bileog bhreise ar leithligh a líonadh isteach.
Sonraigh i bhForoinn C méid an airgid thirim atá le fáil ag an iompróir.
Sonraigh i bhForoinn D.2 úsáid bheartaithe an airgid thirim atá le fáil ag an iompróir.

**B.5: Úinéir eile atá ina fhaighteoir beartaithe a bhfuil cuid den airgead tirim le fáil aige (seachas an t-iompróir):** Roghnaigh i gcás ina bhfuil níos mó ná úinéir amháin, agus nuair is faighteoir beartaithe an airgid thirim é gach úinéir. Le haghaidh gach úinéir atá ina fhaighteoir beartaithe den airgead tirim freisin, ní mór bileog bhreise ar leithligh a líonadh isteach.
Sonraigh i Roinn C méid an airgid thirim atá faoi úinéireacht an úinéara agus an méid atá le fáil aigesean agus ag an bhfaighteoir beartaithe.
Sonraigh i bhForoinn D.1 agus Foroinn D.2 foinse eacnamaíoch agus úsáid bheartaithe an airgid thirim atá faoi úinéireacht an úinéara agus an fhaighteora bheartaithe.
Ní mór sonraí an úinéara agus an fhaighteora bheartaithe a líonadh isteach i bhForoinn E.1 más duine nádúrtha é agus i bhForoinn E.2 más duine dlítheanach é.

**B.6: An t-úinéir a bhfuil cuid den airgead tirim faoina úinéireacht (seachas an t-iompróir):** Roghnaigh i gcás ina bhfuil níos mó ná úinéir amháin. Le haghaidh gach úinéir eile, ní mór bileog bhreise ar leithligh a líonadh isteach.
Sonraigh i bhForoinn C an chuid den airgead atá faoi úinéireacht an úinéara.
Sonraigh i bhForoinn D.1 agus Foroinn D.2 foinse eacnamaíoch agus úsáid bheartaithe an airgid thirim atá faoi úinéireacht an úinéara.
Ní mór sonraí an úinéara a líonadh isteach i bhForoinn E.1 más duine nádúrtha é agus i bhForoinn E.2 más duine dlítheanach é.

**B.7: An faighteoir beartaithe a bhfuil cuid den airgead tirim le fáil aige (seachas an t-iompróir):** Roghnaigh i gcás ina bhfuil níos mó ná faighteoir beartaithe amháin. Le haghaidh gach faighteoir beartaithe, ní mór bileog bhreise ar leithligh a líonadh isteach.
Sonraigh i bhForoinn C méid an airgid thirim atá le fáil ag an bhfaighteoir beartaithe.
Sonraigh i bhForoinn D.2 úsáid bheartaithe an airgid thirim atá le fáil ag an bhfaighteoir beartaithe.
Ní mór sonraí an fhaighteora bheartaithe a líonadh isteach i bhForoinn E.1 más duine nádúrtha é agus i bhForoinn E.2 más duine dlítheanach é.

**Roinn C: Sonraí an airgid thirim**

Mínítear 'airgead tirim' faoin roinn 'Faisnéis Ghinearálta' sna nótaí maidir le húsáid na foirme a bhaineann leis an bhfoirm nochta airgid thirim.

**Roinn D: Foinse eacnamaíoch an airgid thirim agus an úsáid atá beartaithe a bhaint as**

Cuir tic leis na boscaí chun foinse eacnamaíoch agus úsáid bheartaithe an airgid thirim a shonrú faoi mar a shonraítear i Roinn B. Is féidir níos mó ná rogha amháin a roghnú. Murab infheidhme aon rogha, cuir tic leis an mbosca 'eile' agus sonraigh na sonraí.

**Roinn E: Na daoine a bhfuil baint acu leis**

Cuir isteach sonraí pearsanta na ndaoine a bhfuil baint acu leis. Is féidir na daoine sin a bheith ina ndaoine nádúrtha nó ina ndaoine dlítheanacha. Ní mór duit tic a chur leis an mbosca cuí agus na sonraí a líonadh isteach.

**Roinn F: Síniú**

Sonraigh an dáta, an áit, an t-ainm, sínigh é agus cuir an bhileog bhreise leis an bpríomhfhoirm dhearbhúcháin airgid thirim. Dearbhú amháin atá san fhaisnéis uile a sholáthraítear.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.